Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 23 Samhain 2022
(OR. en)

14556/22

Comhad Idirinstitiúideach:
2022/0364 (NLE)

POLCOM 163
WTO 209
PECHE 449

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe (Cuid 2)/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | 14555/22 + ADD 1 |
| Ábhar: | Cinneadh ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh, an Phrótacail lena leasaítear Comhaontú Marrakech lena mbunaítear an Eagraíocht Dhomhanda Trádála, a mhéid a bhaineann leis an gComhaontú maidir le fóirdheontais iascaigh<br>- Iarraidh ar an toiliú ó Pharlaimint na hEorpa |

1. An 9 Samhain 2022, chuir an Coimisiún faoi bhráid na Comhairle togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh, an Phrótacail lena leasaítear Comhaontú Marrakech lena mbunaítear an Eagraíocht Dhomhanda Trádála[1].

2. Ag an gcruinniú a bhí aige an 18 Samhain 2022, phléigh agus d'fhormhuinigh an Coiste um an mBeartas Trádála (Ionadaithe) an togra thuasluaite ón gCoimisiún.

3. I gcomhréir le hAirteagal 218(6)(a)(v) CFAE, ba cheart don Chomhairle cinneadh a dhéanamh ar dtús maidir leis an dréachtchinneadh a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa chun a toiliú a fháil.

[1] 14555/22 + ADD 1

4. I bhfianaise an mhéid thuas, iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá bhrí sin, a mholadh don Chomhairle cinneadh a dhéanamh, mar mhír ‘A’, an dréachtchinneadh a chur ar aghaidh, thar ceann an Aontais Eorpaigh, maidir le tabhairt i gcrích an Phrótacail lena leasaítear Comhaontú Marrakech lena mbunaítear an Eagraíocht Dhomhanda Trádála, a mhéid a bhaineann leis an gComhaontú maidir le fóirdheontais iascaigh agus an Prótacal féin, mar a chuir na saineolaithe dlí agus teanga bailchríoch air agus mar a leagtar amach in 14557/22 agus 14558/22 é, chuig Parlaimint na hEorpa chun a toiliú a fháil.